

Eolas

Dáta na Chéad Choinne Eile

Tar éis Imdhíonta

Tairgtear na vacsaíní sa tábla thíos do leanaí a rugadh ar an 1 Deireadh Fómhair 2024 nó ina dhiaidh.

2
mhí

Cuairt 1

6 in 1+PCV+MenB+Rótaivíreas
3 Instealladh + Braonta Béil

4
mhí

Cuairt 2

6 in 1+MenB+Rótaivíreas
2 Instealladh + Braonta Béil

6
mhí

Cuairt 3

6 in 1+PCV
2 Instealladh

Ní thugtar vacsaín rótaivíris ag 8 mí 0 lá nó ina dhiaidh sin

12
mhí

Cuairt 4

MMR+MenB+Deilgneach
3 Instealladh

13
mhí

Cuairt 5

6 in 1+MenC+PCV
3 Instealladh

Tá cúig chuairt DG ag teastáil ó do leanbh.

Tabhair pas imdhíonta do linbh chuig gach cuairt DG ionas go mbeidh vacsaíní do linbh taifeadta agus go mbeidh an t-eolas seo agat nuair a bheidh siad níos sine.



Cuimhnigh go mbeidh paraicéiteamól ag teastáil uait le haghaidh vacsaínithe 2 agus 4 mhí do linbh.



www.immunisation.ie

Céard iad na frithghníomhartha coitianta a d'fhéadfadh teacht ar mo leanbh tar éis dó/di a bheith vacsaínithe agus céard ba chóir dom a dhéanamh?

Frithghníomh coitianta	Cad ba chóir a dhéanamh
------------------------	-------------------------

Ag 2 mhí agus 4 mhí d'aois (cuairt 1 agus 2)

Tagann fiabhras ar roinnt leanaí tar éis an vacsaín MenB a fháil	<ul style="list-style-type: none">• Tabhair paraicéiteamól leachtach naíonáin<ol style="list-style-type: none">1. Tabhair 2.5 ml (60 mg) tráth a thugtar an vacsaín nó go gairid ina dhiaidh sin.2. Tabhair an dara dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis na chéad dáileoige.3. Tabhair an tríú dáileog de 2.5 ml (60 mg) idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an dara dáileoige.4. Tabhair an ceathrú dáileog idir 4 agus 6 uair an chloig tar éis an tríú dáileog má tá fiabhras fós ar do leanbh.
Tinneas, at agus deargadh in áit an insteallta	<ul style="list-style-type: none">• Déan deimhin de nach bhfuil éadaí an linbh róchúng nó ag luí ar an áit a fuair an leanbh an t-instealladh
Buinneach éadrom tar éis na vacsaíne rótaivíris	<ul style="list-style-type: none">• Tabhair breis bainne le hól• Nigh do lámha go cúramach tar éis clúidín do linbh a athrú agus a chur sa bhosca bruscair..

Ag 6 mhí, 12 mhí agus 13 mhí d'aois (cuairt 3, 4 agus 5)

Tinneas, at agus deargadh in áit an insteallta	<ul style="list-style-type: none">• Tabhair paraicéiteamól chun tinneas agus pianta a mhaolú• Déan deimhin de nach bhfuil éadaí an linbh róchúng nó ag luí ar an áit a fuair an leanbh an t-instealladh
Fiabhras (os cionn 39°C)	<ul style="list-style-type: none">• Ná cuir an iomarca éadaí ar an leanbh• Bí cinnte de nach bhfuil a seomra róthe• Tabhair sreabháin bhreise le n-ól• Tabhair paraicéiteamól chun an fiabhrais a íslíú
Tinneas cinn nó greannaitheacht	<ul style="list-style-type: none">• Tabhair paraicéiteamól chun tinneas agus pianta a mhaolú.



Cuimhnigh go bhféadfadh do leanbh a bheith tinn ar fháth éigin eile, má éiríonn siad an-tinn tar éis vacsaíniú. Má tá tú buartha faoi do leanbh, déan teagmháil le do dhochtúir ginearálta, d'altra cleachtaidh nó d'altra sláinte poiblí chun tuilleadh comhairle a fháil, le do thoil.

Le haghaidh a thuilleadh eolais

- Léigh le do thoil an leabhrán 'Imdhíonadh do linbh - treoir do thuismitheoirí'
- Tabhair cuairt ar shuíomh gréasáin imdhíonta FSS ag www.immunisation.ie

lúil 2024
Cód ordaithe:
HNI01687